



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraclain agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Dréachtsonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

I gchomhair comhairliúcháin

Feabhra 2025

An Clár Ábhar

An tsraith shinsearach	1
Réasúnaíocht.....	2
Aidhmeanna	3
Leanúnachas agus dul chun cinn.....	4
An tSraith Shóisearach	4
I ndiaidh na sraithe sinsearaí.....	4
Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach.....	5
Príomhinniúlachtaí.....	6
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama	10
Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta.....	14
Snáithe 1: Torthaí foghlama.....	14
Snáithe 2: Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú.....	23
Snáithe 2: Torthaí foghlama.....	23
Snáithe 3: Ráitis Airgeadais Cuideachta a Ullmhú agus a Anailísiú.....	27
Snáithe 3 Torthaí foghlama.....	27
Snáithe 4: Cinnteoireacht Eolasach.....	32
Snáithe 4 Torthaí foghlama.....	32
Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire	37
Measúnú.....	39
Measúnú don teistiúchán	39
Comhpháirt measúnaithe sa bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach	40
Tuirisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis:	41
An Chuntasaíocht Fheidhmeach.....	41
Scrúdú scríofa.....	43
Socruithe réasúnta	43
Grádú na hArdteistiméireachta	44
Aguisín 1 Gluais de Bhriathra Gnímh	46

Aguisín 2 Gluais Téarmaí.....	48
Aguisín 3 Léirmhíniú ar Chóimheasa Cuntas.....	50

Dréacht agus Rúnda

An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí	
Folláine agus caidreamh	Rogha agus solúbthacht
Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht	Leanúnachas agus aistrithe
Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht	Rannpháirtíocht agus saoránacht
Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol	Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid mianach agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois,

stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, mianach agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fíis chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

Réasúnaíocht

Tá an chuntasaíocht ina gné bhunúsach dár ngeilleagar, lena soláthraítear teanga lenar féidir le heagraíochtaí a bhfeidhmíocht agus a seasamh airgeadais a chur in iúl do pháirtithe leasmhara, chomh maith le faisnéis thábhachtach a sholáthar chun an eagraíocht a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tríd an gcuntasaíocht, clúdaítear réimse leathan d'fheidhmeanna bainistíochta airgeadais lena n-áirítear idirbhearta airgeadais a thaifeadadh, cuntais a ullmhú, sonraí airgeadais a anailísiú agus a léirmhíniú agus faisnéis airgeadais a chur in iúl go himheánach agus go seachtrach. Mar thoradh air sin, tá an chuntasaíocht ina gné lárnach de thacú le cinnteoireacht agus cleachtais eiticiúla agus inbhuanaithe laistigh d'eagraíochtaí.

Tá gairm sa chuntasaíocht éagsúil, dinimiciúil agus de shíor ag athrú. Áirítear i ról an chuntasóra taifid airgeadais a chothabháil, tuarascálacha airgeadais a ullmhú agus a anailísiú agus torthaí a chur in iúl chun comhlíonadh dlíthiúil agus eiticiúil rialachán agus dlíthe a chinntiú. Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta chun fóntacht agus sláine airgeadais eagraíochtaí, geilleagar agus daoine aonair a chothabháil.

Trí staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, foghlaimeoidh an scoláire faoin dóigh a n-insítear scéal an ghnólachta tríd an gcuntasaíocht, agus sin ó thaobh airgeadais de. Úsáidfí an scoláire sonraí agus/nó faisnéis chun eolas a dhéanamh do chinntí atá ríthábhachtach do thodhchaí gnólachtaí. Ach staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht, soláthraítear deiseanna don scoláire chun bheith ag plé le téamaí comhaimseartha a bhaineann leis an gcuntasaíocht lena n-áirítear digiteáil, inbhuanaitheacht, cinnteoireacht, ceisteanna rialála eiticiúla agus airgeadais.

Le linn staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, foghlaimeoidh an scoláire conas a sholáthraítear faisnéis chuidiúil, thráthúil agus ábhartha d'eagraíochtaí chun go bhfeidhmeoidh siad go rathúil, agus sin trí cleachtais agus nósanna imeachta cuntasaíochta éifeachtacha. Forbróidh an scoláire a litearthacht airgeadais agus beidh an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta is gá aige chun a bhealach a dhéanamh tríd an tírdhreach airgeadais agus cinnteoireachta ar a dtiocfaidh sé ina shaol pearsanta agus gairmiúil amach anseo. Trí rannpháirteachas praiticiúil, foghlaimeoidh an scoláire faoin ról atá ag an gcuntasaíocht i ndáil le bainistíocht airgeadais, tuairisciú agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.

Aidhmeanna

Forbróidh scoláire Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta léirthuisint ar thábhacht na litearthachta airgeadais ina shaol, ina ghairm agus sa domhan timpeall air. Trí staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht, forbraíonn an scoláire réimse leathan inniúlachtaí agus beidh sé in ann a chuid foghlama a úsáid i réimse d'eispéiris phearsanta agus ghairmiúla ón saol mar atá.

Tá sé d'aidhm ag Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta cumhacht a thabhairt don scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:

- gnéithe de chuntasaíocht agus de mhaoiniú a fhiosrú ar mhaithe leis an saol pearsanta agus oibre araon, agus mar bhonn le haghaidh tuilleadh staidéir.
- feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar an bpríomhról atá ag an gcuntasaíocht maidir le hacmhainní eagraíochta a thomhas, a bhainistiú agus a chomhordú.

- tuiscint chuimsitheach a fhorbairt ar phrionsabail, caighdeáin agus coincheapa cuntasáíochta chun tacú lena chuid litearthachta agus folláine airgeadais.
- na príomhinniúlachtaí is gá a fhorbairt chun faisnéis airgeadais a ghabháil agus a bhainistiú chun na torthaí a anailísiú, a léirmhíniú, a mheas agus a chur in iúl.
- scileanna digiteacha a úsáid agus léirthuisicint a fháil ar dheiseanna agus dúshlán na teicneolaíochta digití.
- tuiscint eolasach a fhorbairt ar chleachtais eiticiúla agus inbhuanaithe sa chuntasaíocht.
- a bheith ina fhuascailteoir fadhbanna muiníneach, agus ina chinnteoir eolasach.

Leanúnachas agus dul chun cinn

An tSraith Shóisearach

Le Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, díritear ar thuiscint an scoláire ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar scileanna don saol, don obair agus do staidéar breise a fhorbairt trí na trí shnáithe idirnasctha: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar. Is sna torthaí foghlama ar a dtugtar breac-chuntas in Airgeadas Pearsanta agus Tionscnaíocht atá na naisc is forleithne leis an gCuntasaíocht. Cuimsítear leis na hábhair a phléitear sna torthaí seo; ioncam, caiteachas, buiséadú, sreabhadh airgid, cuntas airgid agus cuntais deiridh. Cuireann ceann amháin den trí rogha laistigh de MRB1 deis ar fáil don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air. Mar chuid den tionscadal seo, déanann an scoláire iniúchadh ar dhúshlán airgeadais roghnaithe, déanann sé measúnú ar a thorthaí, agus forbraíonn sé plan gníomhaíochta. Forbraíonn an scoláire eolas agus tuiscint a bhaineann leis an gcuntasaíocht i roinnt ábhair eile den tsraith shóisearach amhail an Mhatamaitic ina réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le hairgead agus leis an Eacnamaíocht Bhaile mar a bhfiosraíonn sé buiséadú mar chuid d'Inniúlacht Tomhaltóirí.

I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Leis an staidéar ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, tairgtear bunchloch mhaith don scoláire i gcinnteoireacht airgeadais agus teanga an ghnó, as ar féidir réimse leathan deiseanna gairme iontacha teacht. Trí mháistreacht a fháil ar phríomh-choincheapa sa chuntasaíocht, faigheann an scoláire scileanna luachmhara atá riachtanach don fhiontraíocht, lena gcumasaítear dó a chuid gnólachtaí féin a bhainistiú go héifeachtach. Ina theannta sin, tá tóir ar na scileanna sin sa mhargadh fostaíochta, lena n-osclaítear doirse do róil san airgeadas,

sa bhainistíocht agus i réimsí eile den domhan corparáideach. Don scoláire sin ag a bhfuil spéis sa bhreisoideachas nó san ardoideachas, trí Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta soláthraítear túsphointe láidir d'ardléann sa chuntasaíocht, san airgeadas agus sa ghnó, rud a réitíonn an bealach d'fhás gairmiúil.

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Tugtar breac-chuntas ar an bhfoghlaim a tharlaíonn **laistigh** d'ábhar nó modúl sonrach faoin gceannteideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé rithábachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú sin, baineann an scoláire tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoidéachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.



Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianáítear leo

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo faoi 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl na modúl sna príomhinniúlachtaí.



Fíor 2 Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú;

in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a

chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag <https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment/student-key-competencies/>

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí trí rannpháirtíocht an scoláire leis na torthaí foghlama.

I gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta, forbraíonn agus úsáideann an scoláire scileanna fuascailte fadhbanna ina ndíríonn sé ar shonraí airgeadais a úsáid chun léargas a fháil ar staid airgeadais eagraíochta. Bíonn an scoláire ag plé le faisnéis airgeadais ó réimse foinsí a bhailiú, a thaifeadadh agus a achoimriú. Déanann sé iniúchadh ar na sonraí sin chun léargas agus tuiscint níos doimhne a fháil agus is féidir leis teacht ar chonclúidí faoin staid airgeadais a bheidh aige féin nó ag gnólacht amach anseo. Trína rannpháirteachas le faisnéis agus sonraí airgeadais, is féidir leis an scoláire iarmhairtí gearrthéarma agus fadtéarma cinntí a mheas agus is féidir leis breathnuithe, meastacháin agus ríomhanna a dhéanamh.

Tá an chumarsáid ina gné thábhachtach den chuntasaíocht ina mbailíonn an scoláire faisnéis agus sonraí agus ina n-úsáideann sé réimse uirlisí chun an fhaisnéis sin a chur in iúl go soiléir do raon éagsúil páirtithe leasmhara. Le Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, soláthraítear deiseanna don scoláire chun comhoibriú agus oibriú as lámha a chéile agus trína chuid eispéireas sa seomra ranga, foghlaimeoidh an scoláire conas oibriú i gcomhar. Cuireann sé seo le tuiscint ar a fháil ar na buntáistí agus na dúshláin fhéideartha a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile.

Le comhtháthú na heitice, tacaítear leis an scoláire páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí trí thuiscint ar an tábhacht a bhaineann le gníomhú go heiticiúil a fhorbairt, bunaithe ar chearta agus freagrachtaí aonair agus comhchoiteanna le linn déileáil le faisnéis agus sonraí airgeadais.

Ach plé le próiseas na cuntasaíochta, tacaítear leis an scoláire an cumas a fhorbairt chun a chuid foghlama a fhorbairt. Forbróidh an scoláire rithim oibre, foghlaimeoidh sé conas freagairt go héifeachtach do staideanna airgeadais casta agus an cumas a chothú chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama agus chun í a mheas. Le linn cuntais a ullmhú agus a léirmhíniú, sainaithníonn an scoláire staid airgeadais gnólachta agus forbraíonn sé braistint féin-éifeachtúlachta agus gnóthachtála, rud a dhaingnítear a thuilleadh tríd an gcumas chun foghlaim ó earráidí agus botúin a fhorbairt.

Tá forbairt na huimhearthachta ina gné bhunúsach den chuntasaíocht, agus tríd an ábhar soláthraítear an deis don scoláire a chuid tuisceana uimhriúla agus airgeadais a chomhcheangal chun faisnéis a fhorbairt, a anailísiú agus a chur in iúl. Tríd an staidéar a dhéanann an scoláire ar an gcuntasaíocht, úsáideann sé a chuid scileanna uimhearthachta ina shaol laethúil agus i ndomhan an ghnó agus na tionscnaíochta. Tacaítear le forbairt uimhearthachta an scoláire trína rannpháirteachas le sonraí uimhriúla agus tríd an ngá le réimse scileanna uimhriúla a úsáid lena n-áirítear ríomh agus úsáid deachúlacha, codán, céatadán agus cóimheas. Forbraítear an cumas chun fadhbanna a réiteach bunaithe ar uimhreacha agus sonraí le linn a bheith ag plé le cuntais láimhe agus ríomhairithe araon.

Tríd an gCuntasaíocht, soláthraítear deis don scoláire freisin a chuid litearthachta airgeadais a fhorbairt a thuilleadh, rud lena bhfuil tábhacht don scoláire ina shaol laethúil faoi láthair agus rud lena mbeidh tábhacht dó amach anseo, agus rud a thacaíonn lena chumas cinntí airgeadais eolasacha a dhéanamh. Fágann sin gur féidir leis an scoláire scileanna a fhorbairt freisin lena féidir leis folláine a chothú ina shaol reatha agus amach anseo.

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Tá an tsonraíocht sin comhdhéanta de cheithre shnáithe: Bunrudaí na Cuntasaíochta, Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú, Ráitis Airgeadais Cuideachta a Ullmhú agus a Anailísiú agus Cinnteoireacht Eolasach a Dhéanamh. Tá fréamhacha fhoghlaím an scoláire i mBunrudaí na Cuntasaíochta agus ba cheart an snáithe sin a bheith mar an túsphointe do gach réimse foghlama nua. Ceapadh an snáithe le bheith fite fuaite ar feadh an dá bhliain den tsraith shinsearach mar is cuí agus nasctar an fhoghlaím a leagtar amach don scoláire sa snáithe seo leis an bhfoghlaím sna trí shnáithe eile.



Fíor 2: Léargas ar an tsonraíocht

Sainaithnítear dhá théama thrasghearrtha: an Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht agus an Eitic agus an Inbhuanaítheacht sa Chuntasaíocht, ar féidir lionsa a sholáthar don fhoghlaím laistigh den tsonraíocht leis an dá cheann díobh sin agus ar cheart an dá cheann díobh a bheith idirnasctha ar feadh na foghlama. Tá na téamaí sin fite fuaite ar feadh fhoghlaím an scoláire i gcás inar cuí. Tugtar cuntas gairid thíos ar na téamaí trasghearrtha.

Téama a hAon: An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht

Tá forbairt scileanna digiteacha ina téama trasghearrtha den tsonraíocht seo. Tá toradh ann i ngach ceann de na ceithre shnáithe lena dtarraingítear aird ar an tábhacht go bhforbródh an scoláire scileanna airgeadais agus litearthachta digití araon agus tá sé dírithe ar a chuid scileanna digiteacha a bheith á dtaispeáint ag an scoláire. Tá forbairt scileanna digiteacha ina cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaím. Ba cheart deiseanna praiticiúla a thairiscint don scoláire chun eolas agus scileanna digiteacha a fhorbairt agus a úsáid. Fiosraíonn an scoláire na príomh-choincheapa sa chuntasaíocht le linn a bheith ag cur le hinniúlacht i bhfeidhmeanna cuntasaíochta digiteacha.

Feidhmíonn na torthaí foghlama a bhaineann le 'scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint' i ngach snáithe mar thairseach don scoláire chun taithí a fháil ar úsáid na teicneolaíochta agus feidhmeanna cuntasaíochta riachtanacha á bhfeidhmiú. Ag obair go neamhspleách agus i gcomhar araon, rachaidh an scoláire ar aghaidh tríd an timthriall cuntasaíochta, agus uirlisí digiteacha á n-úsáid chun fadhbanna a réiteach, sonraí airgeadais a anailísiú, agus moltaí agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Leis an bpróiseas sin, spreagtar an smaointeoireacht chriticiúil, cothaítear foghlaim ghníomhach agus is féidir tacú le scileanna oibre buíne a fhorbairt.

Tá machnamh agus mionchoigeartú lárnach i dtorthaí foghlama scileanna cuntasaíochta digiteacha. Déanfaidh an scoláire a chuid oibre a mheas go rialta, rachaidh sé i mbun fadhbanna a réiteach agus cosnóidh sé na cinntí agus na próisis atá mar bhonn faoina réitigh. Beidh deiseanna leanúnacha aige freisin foghlaim ón aiseolas a sholáthraíonn a chuid piaraí agus múinteoirí, agus freagairt dó.

An t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire trí na torthaí foghlama scileanna cuntasaíochta digiteacha a chur i gcrích agus a thaispeáint, cuideofar le heolas a dhéanamh dá chuid foghlama ar feadh an ábhair agus tacú lena chuid ullmhúchán don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: an Chuntasaíocht Fheidhmeach.

Téama a Dó: An Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa Chuntasaíocht

Téama trasghearrtha eile den tsonraíocht is ea an Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa Chuntasaíocht. Tá an Chuntasaíocht ag brath go mór ar iontaobhas agus sláine. Ach prionsabail eiticiúla a thabhairt isteach go luath, cuidítear leis an scoláire a thuiscint gurb amhlaidh, lastall de scileanna teicniúla, atá freagracht mhorálta thar a bheith tábhachtach chun trédhearcacht agus inchreidteacht a choinneáil ar bun i gcleachtais airgeadais. Tríd sin, leagtar síos bunchloch mhaith le haghaidh iompraíocht ghairmiúil agus phearsanta amach

anseo agus agus tacaíonn sé le forbairt na luachanna agus na meonta atá san áireamh sna torthaí foghlama.

Tá cruachásanna eiticiúla coitianta sa chuntasaíocht (m.sh. coimhlintí leasa a bhainistiú, tuairisciú macánta a chinntiú). Trí bheith ag foghlaim faoin eitic, tugtar na scileanna smaointeoireachta criticiúla is gá don scoláire a bhealach a dhéanamh trí staideanna casta agus cinntí atá fóna go morálta a dhéanamh.

Trí théamaí eiticiúla, cruthaítear deiseanna chun dul i mbun díospóireachtaí agus pléití, agus tuiscint níos doimhne agus machnamh ar luachanna agus freagrachtaí á gcur chun cinn. Tríd an eitic a chomhtháthú mar théama trasghearrtha, is féidir leis an múinteoir cuidiú leis an scoláire tuairim leathan a fhorbairt ar an gcuntasaíocht, agus béim á cur ar a ról ní hamháin i gcúrsaí gnó, ach maidir le cothroime, cuntasacht agus iontaobhas sochaíoch a chur chun cinn.

Tá an inbhuanaitheacht ina comhpháirt thar a bheith tábhachtach den chinnteoireacht i gcúrsaí gnó nua-aimseartha. Fiosróidh an scoláire conas is féidir le prionsabail inbhuanaitheachta cúinsí airgeadais i bpróisis chinnteoireachta a chomhlánú, agus fiosróidh sé conas ba cheart sin a dhéanamh tríothu. Tríd an bhFreagracht Shóisialta Chorporáideach, dá ndéantar tagairt i reachtaíocht na hÉireann, ardaíodh an inbhuanaitheacht chuig seasamh lárnach sa tírdhreach gnó. Tríd an lionsa sin, gheobhaidh an scoláire tuiscint chuimsitheach ar conas a imrítear tionchar díreach leis an treoir seo ar oibríochtaí gnó agus a mhúnlaítear cinntí straitéiseacha.

Le hionchuimsiú na heitice agus na hinbhuanaitheachta, spreagtar an scoláire chun bheith ag machnamh lastall den bhrabús agus cuimhneamh ar thionchair shochaíocha níos leithne. Tríd sin cothaítear braistint freagrachta agus feasachta, lena ndéantar é a mhúnlú ina dhuine aonair agus ina ghairmí atá níos freagraí.

Ceapadh an tsonraíocht seo de Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga. Soláthraítear forléargas ar gach snáithe, agus tábla ina dhiaidh sin. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. In Aguisín 1, leagtar amach gluais de na Briathra Gnímh a úsáidtear sa tSonraíocht. Cuid de na coincheapa agus de na téarmaí laistigh de na torthaí foghlama, rinneadh iad a mharcáil le réiltín (*) lena léiriú go bhfiosraítear an coincheap a thuilleadh i ngluais na dtéarmaí in Aguisín 2.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá i mbun staidéir ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar an gcuntasaíocht, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil le chéile.

<i>Gnáthleibhéal</i>	<i>Ardleibhéal</i>
Forbraíonn an scoláire an t-eolas agus an tuiscint atá aige ar litearthachtaí cuntasaíochta agus airgeadais, agus an úsáid a bhaineann sé astu, rud a chuidíonn leis gnéithe bunúsacha de dhomhan an ghnó agus an airgeadais a shainaithint agus a mhíniú, de réir mar a bhaineann siad lena shaol féin, le trádálaithe aonair agus le cuideachtaí.	Forbraíonn an scoláire eolas sofaisticiúil agus an tuiscint atá aige ar litearthachtaí cuntasaíochta agus airgeadais, agus an úsáid a bhaineann sé astu, rud a chuidíonn leis gnéithe bunúsacha de dhomhan an ghnó agus an airgeadais a shainaithint agus a mhíniú, de réir mar a bhaineann siad lena shaol féin, le trádálaithe aonair agus le cuideachtaí.
Ullmhaíonn an scoláire tacair iomlána de chuntais agus earráidí agus míshonruithe teoranta ann chun na ceanglais a chomhlíonadh.	Ullmhaíonn an scoláire tacar iomlán de chuntais atá saor ó earráidí agus míshonruithe.
Déanann an scoláire anailís agus meastóireacht ar na sonraí airgeadais agus sainaithníonn agus measann sé luach féideartha réimse gníomhaíochtaí i staideanna aitheanta.	Déanann an scoláire anailís agus meastóireacht dhomhain ar na sonraí airgeadais agus sainaithníonn agus measann sé luach féideartha réimse leathan gníomhaíochtaí i staideanna aitheanta agus coimhthíocha.
Taispeánann an scoláire go mbaineann sé úsáid inniúil as na feidhmchláir bogearraí sonraí chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú.	Taispeánann an scoláire go mbaineann sé úsáid inniúil as na feidhmchláir bogearraí sonraí chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú.

Tábla 1 Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta

Leis an snáithe seo, tacaítear leis an scoláire tuiscint a fhorbairt ar na prionsabail agus na luachanna príomha atá mar bhonn faoin gcuntasaíocht. Trí bheith ag plé leis an bhfoghlaim sa snáithe sin, forbróidh an scoláire an tuiscint atá aige ar rialacha na cuntasaíochta agus beidh deiseanna aige forbairt a dhéanamh ar a chuid eolais agus taithí ar chur i bhfeidhm praiticiúil chothromóid na cuntasaíochta agus chóras iontrála dúbailte an leabharchoimeáda; ar scileanna iad a úsáidtear a thuilleadh le linn dó a bheith ag plé leis an bhfoghlaim i Snáitheanna 2, 3 agus 4. Ceapadh an snáithe seo mar fhréamhacha na sonraíochta. Tá sé beartaithe go n-amharcfaidh an scoláire ar na coincheapa sa snáithe seo agus go gcuirfidh sé leo ar feadh an staidéir dhá bhliain a dhéanfaidh sé. Gheobhaidh an scoláire léirthuisct ar an luach a bhaineann le taifid bheachta agus sheasmhacha a choinneáil ar bun agus foghlaimoidh sé conas idirbhearta airgeadais a thaifeadadh, comhardú trialach a asbhaint agus déileáil le coigeartuithe deiridh bliana coiteanna. De réir mar a théann sé i mbun na foghlama sa snáithe seo, gheobhaidh an scoláire tuiscint agus léirthuisct ar an ról atá ag an gcuntasaíocht maidir le scéal airgeadais gnólachta a insint. Trí bheith ag plé leis an snáithe seo ar feadh an dá bhliain den tsraith shóisearach, gheobhaidh an scoláire léargas agus eolas praiticiúil faoi conas is féidir le hullmhú agus anailísiú sonraí airgeadais a bheith ina gcuidiú chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht laistigh de ghnólacht agus dá shaol airgeadais pearsanta féin. Laistigh den snáithe seo agus ar fud na sonraíochtaí, forbróidh an scoláire réimse scileanna cuntasaíochta agus beidh sé in ann cuntais a ullmhú de láimh agus go digiteach araon.

Snáithe 1: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
1.1 Saol na Cuntasaíochta -cuspóir agus raon na cuntasaíochta lena n-áirítear ról an chuntasóra chun moltaí eolasacha a dhéanamh.	1. míniú a thabhairt ar chuspóir na cuntasaíochta agus a ról maidir le faisnéis chuntasaíochta a thaifeadadh agus a anailísiú. 2. breac-chuntas a thabhairt ar ról an chuntasóra chun an chuntasaíocht a bhainistiú – faisnéis chun feidhmíocht ghnólachta a scrúdú.

-an chuntasaíocht airgeadais agus an ról atá aici chun idirbhearta airgeadais gnólachta a thaifeadadh, a achoimriú, a léirmhíniú agus a thuairisciú. Cuntasaíocht bainistíochta lena n-áirítear costáil, buiséadú agus réamhaisnéisiú táirgí. -ábharthacht staidéar na cuntasaíochta go pearsanta agus go gairmiúil araon lena n-áirítear raon na gconairí gairme féideartha, na rólí éagsúla laistigh de roinn cuntasaíochta agus na freagrachtaí a ghabhann leis na rólí sin. -prionsabail na heitice lena n-áirítear: • Sláine • Oibiachtúlacht • Inniúlacht Ghairmiúil agus Cúram Cuí • Rúndacht • Iompraíocht Ghairmiúil -na ceanglais eiticiúla, dhlíthiúla agus inbhuanaitheachta ar chuntasóirí le linn faisnéis airgeadais a thuairisciú agus tionchar na nithe sin ar chuntais gnólachta.	3. comparáid a dhéanamh idir ról an Chuntasóra Airgeadais agus ról an Chuntasóra Bainistíochta. 4. breac-chuntas a thabhairt ar dheiseanna pearsanta agus gairmiúla difriúla a thairgtear trí staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht. 5. breac-chuntas a thabhairt ar phrionsabail na heitice agus ar a dtionchar ar ról an chuntasóra. 6. tábhacht na bprionsabal eiticiúil i gcleachtas cuntasaíochta a léiriú. 7. comparáid a dhéanamh idir na ceanglais eiticiúla, dhlíthiúla agus inbhuanaitheachta ag a mbíonn tionchar ar chuntais ghnó a ullmhú.
1.2 Cineálacha Struchtúr Gnó -na foirmeacha struchtúr gnó atá ann agus na difríochtaí eatarthu, lena n-áirítear Trádálaí Aonair, Cuideachta Phríobháideach Theoranta (Cuideachtaí Gníomhaíochta Sainithe agus Cuideachtaí Príobháideacha	1. úinéireacht, dliteanas, difríochtaí dlíthiúla agus tuairiscithe a shainaithint idir na cineálacha difriúla gnó.

faoi Theorainn Scaireanna), Cuideachta Phoiblí Theoranta agus Eagraíochtaí Neamhbhrabúsacha. -ról na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus na ceanglais atá i bhfeidhm aici le haghaidh Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta.	2. ról CRO a mhíniú agus na ceanglais chlárúcháin agus tuairiscithe a chuireann CRO ar chuideachta a fhiosrú.
1.3 Príomhúsáideoirí faisnéise airgeadais agus ráiteas airgeadais -idirghníomhú páirtithe leasmhara le ráitis airgeadais* agus conas a úsáideann siad ráitis airgeadais chun cuid dá riachtanais éagsúla le haghaidh faisnéise a chomhlíonadh. -an gá le comhsheasmhacht agus ráitis airgeadais á gcur i láthair ó thréimhse chuntasaíochta go chéile chun go bhféadfaidh na páirtithe leasmhara comparáid a dhéanamh idir sonraí go héasca.	1. comparáid a dhéanamh idir riachtanais faisnéise páirtithe leasmhara le haghaidh cinnteoireacht airgeadais. 2. a léiriú conas a anailísíonn agus a léirmhíononn páirtithe leasmhara an fhaisnéis sin chun cinntí a dhéanamh. 3. an gá le comhsheasmhacht agus ráitis airgeadais á gcur i láthair a aithint.
1.4 Creat coincheapúil an Tuairiscithe Airgeadais*. -na coincheapa agus na prionsabail phríomha atá mar bhonn taca faoin gcuntasaíocht airgeadais lena n-áirítear: • Prionsabal an Eintitis Gnó* • An Chothromóid Chuntasaíochta* • Gnóthas Leantach* • Prionsabal an Chomhoiriúnaithe* • Stuaamacht* • Aitheantas Ioncaim* • Comhsheasmhacht*	1. -na coincheapa agus na prionsabail phríomha a mhíniú agus a chur i bhfeidhm. 2. Céimeanna an Timthrialla Cuntasaíochta a aithint* 3. Taifead fabhruithe agus réamhíocaíochtaí a thaispeáint tríd an timthriall cuntasaíochta*.

• Ábharthacht* -an t-idirdhealú idir míreanna ioncaim agus caiteachais reatha agus caipitil agus conas a thaifeadtar iad sin tríd an timthriall cuntasáíochta*.	4. comparáid a dhéanamh idir na míreanna ioncaim agus caiteachais reatha agus caipitil agus na míreanna sin a thaifeadadh tríd an timthriall cuntasáíochta.
1.5 Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte -cuspóir leabharchoimeád na hIontrála Dúbailte lena saináithnítear na buncháipéisí le haghaidh idirbheart agus lena dtugtar breac-chuntas ar conas ba cheart iad a thaifeadadh. -conas idirbhearta a thaifeadadh lena n-áirítear; • Iasachtaí agus iasachtaíochtaí • Ceannacháin/Díolacháin agus Tuairisceáin • Ceananachán/Díolachán • Íocaíochtaí agus Fáltais na gCoimisinéirí Ioncaim • Dleacht ar Allmhairí • Lascainí amach/isteach • Fardail • Cúlchistí • Ioncaim agus costais oibriúcháin eile lena n-áirítear fabhruithe agus réamhíocaíochtaí. • Aon ioncam nó ioncaim agus costais eile	1. idirbhearta a thaifeadadh agus úsáid á baint as córas iontrála dúbailte. 2. taifead a dhéanamh ar choigeartuithe fardail ar

-cuntasaíocht le haghaidh míreanna fardail lena n-áirítear fardal damáistithe, earraí faoi bhealach agus earraí ar bhonn díolacháin nó tuairisceáin. -na modhanna dímheasa lena n-áirítear dímheas de réir méid cothrom agus iarmhéid laghdaitheach. -sócmhainní neamhreatha a fháil, a dhiúscairt, a athluacháil agus a dhíscríobh. -coincheap na ndrochfhiach agus na bhfiach amhrasach lena n-áirítear drochfhiacha, fiacha a díscríobhadh, drochfhiacha a gnóthaíodh agus conas soláthar a dhéanamh dóibh agus iad a thaifeadadh. -an próiseas imréitigh bainc agus a thionchar ar chóras na hiontrála dúbailte. -caipiteal a thabhairt isteach i ngnólacht agus láimhseáil tarraingtí arna dtógáil ag an úinéir i bhfoirm stoic, airgid thirim, costais a íocadh nó sócmhainní neamhreatha.	chuntasaíocht le haghaidh míreanna fardail. 3. coincheap an dímheasa a léiriú agus modhanna de réir méid cothrom agus iarmhéid laghdaitheach á n-úsáid. 4. taifead a dhéanamh ar idirbhearta a bhaineann le sócmhainní neamhreatha a fháil, a dhímheas, a dhiúscairt agus a athluacháil. 5. míniú a thabhairt ar dhrochfhiacha, drochfhiacha a díscríobhadh, drochfhiacha a gnóthaíodh agus cén chaoi agus cén fáth ar cheart do ghnólacht soláthar a dhéanamh le haghaidh drochfhiach agus fiacha amhrasacha. 6. taifead a dhéanamh ar dhrochfhiacha a díscríobhadh, a gnóthaíodh agus soláthar le haghaidh drochfhiach agus fiacha amhrasacha agus úsáid á baint as córas na hiontrála dúbailte. 7. míniú a thabhairt ar imréiteach bainc agus ráiteas imréitigh bainc a ullmhú agus taifead a dhéanamh ar aon idirbhearta a thionscnaítear leis an bpróiseas imréitigh bainc.
--	---

-cuspóir, brí agus teorainneacha an chomhordaithe trialach agus conas a asbhaintear é ó chóras na hiontrála dúbailte. -ceartú earráidí i bpróiseas na hiontrála dúbailte agus úsáid á baint as modh cuntaíochta ábhartha amhail Cuntais Fionraí/Tuarascálacha Eisceachta.	8. míniú a thabhairt ar chaipiteal a tugadh isteach agus ar tharraingtí, agus taifead a dhéanamh orthu sin. 9. cuspóir agus teorainneacha comhardaithe trialacha a shainaithint agus comhardú trialach a ullmhú 10. modh cuntaíochta ábhartha a chur i bhfeidhm chun earráidí a rinneadh i gcóras na hiontrála dúbailte a cheartú.
1.6 Bainistiú Sreafaí Airgid -an tábhacht a bhaineann le bainistiú sreafaí airgid le haghaidh inmhathanacht gnólachta agus tionchar ganntanas airgid thirim agus scileanna praiticiúla a fhorbairt i mbainistiú sreafaí airgid. -straitéisí le haghaidh bainistiú sreafaí airgid éifeachtacht (lena n-áirítear buiséadú, réamhaisnéisiú agus bainistiú ar ioncam infhála agus costais iníoctha) agus conas a imrítear tionchar ar phríomhchinntí airgeadais trí bhainistiú sreafaí airgid (lena n-áirítear deiseanna infheistíochta agus roghanna maoinithe)	1. comparáid a dhéanamh idir staid airgid thirim agus staid brabúis gnólachta. 2. tábhacht an tsreabhaidh airgid a aithint chun oibríochtaí gnó a choinneáil ar bun agus cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. 3. straitéisí le haghaidh bainistiú sreafaí airgid stuama a shainaithint agus míniú a thabhairt ar conas a imrítear tionchar ar phríomhchinntí airgeadais trí bhainistiú sreafaí airgid.

-na hiarmhairtí féideartha atá ag drochbhainistiú sreafaí airgid do ghnólacht, lena n-áirítear an riosca dócmhainneachta agus éagumas oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh.	4. breac-chuntas a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag drochbhainistiú sreafaí airgid ar ghnólacht.
1.7 Déileáil le Cánachas Pearsanta agus Gnó¹ -na cánacha a fhéadfaidh duine aonair agus gnólachtaí a bheith dlite a íoc lena n-áirítear: • Cáin Ioncaim • ÁSPC • MSU • Cáin Fáltais Caipitiúil • Cáin Gnóthachan Caipitiúil • Cáin Mhaoine Áitiúil • CBL • Dleachtanna ar Allmhairí • Cáin Chorparáide -na creidmheasanna cánach a bhféadfaidh duine aonair a bheith ina dteideal (lena n-áirítear Creidmheas Cánach Pearsanta, Creidmheas Cánach Fostaithe, Creidmheas Cánach Cíos, Creidmheas Cánach Aoise agus Costais Ráta Chomhréidh) Na céimeanna atá i gceist agus an fhaisnéis is gá chun úsáid a bhaint as Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) chun creidmheasanna cánach a éileamh agus tuairisceáin cánach ioncaim a chur isteach.	1. sainaitheint a dhéanamh ar na cineálacha difriúla cánach nach mór do dhuine aonair, trádálaí aonair agus cuideachta iad a íoc. 2. breac-chuntas a thabhairt ar na creidmheasanna cánach ar féidir go mbeidh duine aonair i dteideal iad a éileamh. 3. na céimeanna a aithint a bhaineann le creidmheasanna cánach a chur isteach, a leasú agus a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus le linn Ráiteas Dlíteanais a ullmhú.

¹ Tá iallach ar an scoláire a bheith ag plé le cánachas pearsanta agus gnó reatha lena chinntiú go bhfiosróidh sé faisnéis ábhartha de réir mar a bhaineann sí leis na dlíteanais chánach atá ann cheana. I gcás ina dtugtar cánachas ábhartha isteach nó a asbhaintear é i gCáinainéis Náisiúnta le linn an dá bhliain den staidéar, is féidir leis an scoláire plé leis na bearta cánachais atá ann cheana nó le cinn níos nuaí.

-na comhpháirteanna de chóras párolla lena n-áirítear pá comhlán, asbhaintí, creidmheasanna cánach, ÁSPC fostóirí agus glanphá. -cánachas gnó (lena n-áirítear CBL, Cáin Chorparáide agus dleachtanna ar allmhairí).	- breac-chuntas a thabhairt ar na comhpháirteanna de phárolla agus breithmheas a thabhairt ar thaifid phárolla. - taifid phárolla a ullmhú go digiteach. - príomhghnéithe de chánachas gnó a mhíniú agus a ríomh - an fhaisnéis is gá a aithint mar aon leis na céimeanna a bhaineann le tuairisceáin CBL a ullmhú. - míniú a thabhairt ar an gcáin chorparáide agus na cineálacha eagraíochtaí atá faoi dhliteanas í a íoc a liostú.
1.8 Ról na Teicneolaíochta sa Chuntasaíocht -tábhacht na teicneolaíochta le haghaidh cleachtais chuntasaíochta. -na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid sa chuntasaíocht, amhail príobháideacht sonraí, cibearshlándáil agus an tionchar ar ghairm na cuntasaíochta. -an tábhacht a bhaineann le bearta bainistithe sonraí, cúltaca agus slándála i gcomhthéacs theicneolaíocht na cuntasaíochta.	- breac-chuntas a thabhairt ar thábhacht na teicneolaíochta sa chuntasaíocht agus míniú a thabhairt ar conas atá bogearraí ina dtaca le cuntais a ullmhú agus conas a fheabhsaítear cuntais a ullmhú leo. - breac-chuntas a thabhairt ar na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid sa chuntasaíocht.

	3. míniú a thabhairt ar an ngá atá le bearta bainistithe sonraí, cúltaca agus slándála éifeachtacha le haghaidh sonraí agus faisnéis dhigiteach.
1.9 Scileanna cuntasáochta digiteacha a thaispeáint -scileanna digiteacha a úsáid sa chuntasaíocht agus conas feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun an méid seo a leanas a thaispeáint: • feidhmeanna uimhriúla • foirmlí coinníollacha – ráitis IF amháin • foirmlí coibhneasta agus dearbha, agus cealla ainmnithe • foirmlí a mhacasamhlú • cairteacha agus graif • obair le bileoga oibre iomadúla	1. feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun scileanna digiteacha a úsáid chun na gnéithe den snáithe seo atá bunaithe ar scileanna a chur i gcrích lena n-áirítear leabharchoimeád iontrála dúbailte, párolla agus taifid chánach.

Snáithe 2: Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú.

Tá snáithe a dó dírithe ar an trádálaí aonair mar chineál gnó agus cuntais ábhartha a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú. Trí bheith ag plé leis an bhfoghlaim sa snáithe seo, forbróidh an scoláire tuiscint ar conas a sholáthraítear léargas airgeadais do ghnó Trádálaí Aonair trí ráitis airgeadais. Tríd an snáithe seo, soláthraítear deiseanna don scoláire a chuid foghlama ó Shnáithe 1 a fhorbairt agus a úsáid. Le linn foghlaim conas ráitis airgeadais Trádálaí Aonair a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú, gheobhaidh an scoláire tuiscint luachmhar ar conas a fheidhmíonn gnólachtaí, chomh maith le foghlaim faoi conas faisnéis airgeadais a léirmhíniú agus cén tionchar a bhíonn aici ar fheidhmíocht an ghnólachta. De réir mar a fhorbraíonn an scoláire a chuid eolais agus tuisceana ar an gcuntasaíocht trí bheith ag plé leis an bhfoghlaim sa snáithe seo, ullmhóidh, anailíseoidh agus léirmhíneoidh an scoláire cuntais trádálaí aonair agus ráitis airgeadais de láimh agus go digiteach araon, rud a chuideoidh lena chuid cumais agus muiníne a fhorbairt maidir le déileáil le sonraí airgeadais.

Snáithe 2: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
2.1 Gnólachtaí Trádálaí Aonair -gnólachtaí trádálaí aonair agus an tábhacht a bhaineann le taifid chuntasaíochta chruinne a choimeád.	1. breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil i gceist le trádálaí aonair agus míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le taifid chuntasaíochta chruinne a choimeád do thrádálaithe aonair.
2.2 Cuntais Aonair a Ullmhú -Ráitis Airgeadais* Trádálaí Aonair a ullmhú lena n-áirítear Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais agus úsáid á baint as sonraí a bailíodh ó chomhardú trialach, coigeartuithe deiridh bliana agus faisnéis arna soláthar tar éis dháta an chomhardaithe trialach, lena	1. tacar de ráitis airgeadais gnólachta trádálaí aonair a ullmhú.

ndéantar foghlaim ón leabharchoimeád iontrála dúbailte a ionchorprú. -cuntasaíocht do chaipiteal a tugadh isteach agus tarraingtí sna ráitis airgeadais	2. caipiteal a tugadh isteach agus a tarraingtí a thaifeadadh.
2.3 An Chuntasaíocht le haghaidh Taifid Neamhiomlána -coincheap na dtaifead neamhiomlán agus staideanna inar féidir go dtarlóidh siad agus an tionchar a bhíonn aige sin ar ghnólacht. -an fhaisnéis airgeadais is gá ó na buncháipéisí chun gur féidir na cuntais rialúcháin a ullmhú. -ráiteas airgeadais a ullmhú le haghaidh gnólachta.	1. míniú a thabhairt ar an gcoincheap a bhaineann le taifid neamhiomlána agus breac-chuntas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag taifid neamhiomlána ar chuntais ghnólachta. 2. cuntais rialacháin Cuntas Infhála agus Cuntas Iníoctha a ullmhú. 3. ráitis airgeadais ó thaifid neamhiomlána a ullmhú.
2.4 Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Léirmhíniú -na patrúin agus na saincheistean na féideartha i ráitis airgeadais agus conas is féidir iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar stádas airgeadais gnólachta trádálaí aonair. -úsáid cóimheas² chun brabúsacht, gníomhaíocht agus leachtacht trádálaí aonair a anailísiú lena n-áirítear: Brabúsacht • Ollchorrlach Brabúis • Glanchorrlach Brabúis • Toradh ar Infheistíochtaí	1. míniú a thabhairt ar an gcúis le húsáid a bhaint as gach ceann de na cóimheasa a thugtar agus ar an bhfaisnéis a sholáthraítear leo maidir le staid airgeadais an ghnólachta. 2. breac-chuntas a thabhairt ar thairbhí agus teorainneacha gach ceann de na cóimheasa a thugtar agus cóimheasa a ríomh agus úsáid á baint as na foirmlí a thugtar.

² Tugtar na cóimheasa in Aguisín 3.

Gníomhaíocht • Láimhdeachas Sócmhainní • Laethanta Fardail • Laethanta Infhála • Laethanta Iníochta • Timthriall Tiontaithe Airgid Thirim Leacht • Cóimheas Reatha • Cóimheas (Mear) Fíorthástála -comharthaí na róthrádála* agus réitigh fhéideartha ar féidir le gnólacht iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar róthrádáil.	3. treochtaí in ioncam agus i gcostais ar feadh tréimhse trí bliana a anailísiú agus réimsí le haghaidh feabhsú a shainaithint bunaithe ar an anailís sin. 4. tuairisciú ar na torthaí sin, lena n-áirítear tograí agus údair leis na tograí sin. 5. tacar cuntas a fhiosrú le haghaidh comharthaí róthrádála agus réitigh a mholadh.
2.5 Comparáid a dhéanamh idir Trádálaí Aonair agus Cuideachta -na cúiseanna le hathrú ó thrádálaí aonair chuig cuideachta lena n-áirítear dlíteanas teoranta, rochtain ar mhaoiniú agus impleachtaí cánachais. -na ceanglais tuairiscithe airgeadais ar chuideachta seachas Trádálaí aonair. -na himpleachtaí cánach a bhaineann le bheith ag trádáil mar chuideachta seachas trádálaí aonair, amhail an gá go n-íocfadh cuideachtaí cáin chorparáide. -na ceanglais ar chuideachta chun CCB (Cruinniú Cinn Bliana) a Reáchtáil agus cuntais iniúchta a chur faoi bhráid scairshealbhóirí ag an CCB. -na himpleachtaí dlíthiúla atá ann do stiúrthóirí cuideachta a leanann de bheith ag	1. an fáth a gcinnfeadh trádálaí aonair clárú mar chuideachta a shainaithint. 2. breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais tuairiscithe bhreise ar chuideachta. 3. comparáid a dhéanamh idir cóireáil cánach cuideachtaí agus trádálaithe aonair. 4. breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais ar chuideachta chun CCB a reáchtáil agus cuntais iniúchta a chur faoi bhráid scairshealbhóirí ag an CCB. 5. breac-chuntas a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann do stiúrthóirí

trádáil cé go bhfuil an chuideachta dócmhainneach nó a fhéachann leis an gcuideachta a thrádáil as an dócmhainneacht.	cuideachta a leanann de bheith ag trádáil nuair atá an chuideachta dócmhainneach.
2.6 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint -scileanna digiteacha a úsáid sa chuntasaíocht agus conas feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun an méid seo a leanas a thaispeáint: • feidhmeanna uimhriúla • foirmlí coinníollacha – ráitis IF amháin • foirmlí coibhneasta agus dearbha, agus cealla ainmnithe • foirmlí a mhacasamhlú • cairteacha agus graif • obair le bileoga oibre iomadúla	1. feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun scileanna digiteacha a úsáid chun na gnéithe den snáithe seo atá bunaithe ar scileanna a chur i gcrích lena n-áirítear Ráitis Airgeadais a chur i láthair, a léirmhíniú agus a anailísiú.

Snáithe 3: Ráitis Airgeadais Cuideachta a Ullmhú agus a Anailísiú

Tá snáithe a trí dírithe ar airgeadas cuideachta. Sa snáithe seo, foghlaimeoidh an scoláire faoi na ráitis airgeadais, agus pléifidh sé leo, ar ráitis airgeadais iad atá ina gcuidiú le léargas airgeadais cuideachta a thaispeáint. Le linn a bheith ag foghlaim faoi ráitis airgeadais cuideachta a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú, gheobhaidh an scoláire tuiscint luachmhar ar conas a fheidhmíonn cuideachtaí, chomh maith le bheith ag foghlaim faoi conas faisnéis airgeadais maidir le feidhmíocht cuideachta a chur in iúl agus a léirmhíniú do na páirtithe leasmhara cuí.

Forbróidh an scoláire tuiscint ar Chreat Rialála na Cuntasaíochta, agus na ceanglais dhlíthiúla agus eiticiúla ar chuideachtaí. Beidh sé in ann a chuid foghlama ó Shnáithe a hAon agus Snáithe a Dó a úsáid de réir mar a phléann sé le sonraí airgeadais cuideachta a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú.

Cuirfidh an scoláire feidhmeanna cuntasaíochta an tsnáithe seo i gcrích agus cuir chuige láimhe agus dhigiteacha araon á n-úsáid, rudaí a bheidh ina gcuidiú chun a chuid cumais agus muiníne a fhorbairt maidir le déileáil le sonraí airgeadais. De réir mar a fhorbraíonn agus a úsáideann sé a chuid eolais agus tuisceana cuntasaíochta, beidh sé in ann comparáid a dhéanamh idir ceanglais chuntasaíochta trádálaí aonair agus ceanglais cuideachta, rud a chuideoidh lena chuid tuisceana ar thábhacht na cuntasaíochta i gcúrsaí gnó a dhoimhniú.

Snáithe 3 Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
3.1 Creat Dlíthiúil agus Rialála na Cuntasaíochta -an gá le cruinneas, comhsheasmhacht agus trédhearcacht i ráitis airgeadais.	1. breac-chuntas a thabhairt ar an ngá le cruinneas, comhsheasmhacht agus trédhearcacht i ráitis airgeadais. 2. breac-chuntas a thabhairt ar conas a chinntítear le caighdeáin chuntasaíochta inchomparáideacht ráiteas airgeadais* go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

-an t-idirghníomhú idir Caighdeáin Chuntasaíochta, DLí na gCuideachtaí in Éirinn agus Treoracha Eorpacha chun caighdeáin chuntasaíochta a choinneáil ar bun. -an ról atá ag iniúcháirí chun sláine an tuairiscithe airgeadais agus comhlíontacht a choinneáil ar bun. -an tuarascáil iniúcháireachta* a thugann an t-iniúcháir i ndeireadh a rannpháirteachais iniúcháireachta.	3. an tionchar a bhíonn ag Treoracha Eorpacha ar Dhlí na gCuideachtaí in Éirinn a aithint. 4. breac-chuntas a thabhairt ar ról agus freagrachtaí an iniúcháir. 5. míniú a thabhairt ar chuspóir na tuarascála iniúcháireachta agus ar a teorainneacha.
3.2 Prionsabail agus Cleachtas do Chuideachtaí Príobháideacha Teoranta -ullmhú Ráiteas Airgeadais Cuideachta Teoranta lena n-áirítear Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais (agus úsáid á baint as sonraí a bailíodh ó chomhardú trialach, coigeartuithe deiridh bliana agus faisnéis a soláthraíodh tar éis dháta an chomhardaithe trialach agus foghlaim ón leabharchoimeád iontrála dúbailte á hionchorprú.) Míreanna a bhaineann go sonrach le cuideachtaí a bhainistiú lena n-áirítear: • Díbhinní agus cúlchistí a ríomh • Scaireanna a eisiúint • Sairchaipiteal (Gnáthscaireanna agus Scaireanna Tosaíochta	1. Ráiteas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú do chuideachta theoranta. 2. Ráiteas Staide Airgeadais a ullmhú do chuideachta theoranta.

• Cáin Chorporáide -Ráiteas Sreafaí Airgid a ullmhú i gcomhréir le Dlí na gCuideachtaí in Éirinn. -an difríocht idir seasamh Airgid Thirim Cuideachta agus a staid bhrabúis. -tionchair dhearfacha agus dhiúltacha fiachais ar staid airgeadais agus struchtúir úinéireachta na cuideachta.	3. Ráiteas Sreafaí Airgid a ullmhú agus an tionchar a bhíonn ag míreanna neamhairgid ar an ráiteas sreabhaidh airgid thirim a shainithint. 4. comparáid a dhéanamh idir staid bhrabúis agus airgid thirim cuideachta. 5. breac-chuntas a thabhairt ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha fiachais.
3.3 Cuntais a Léirmhíniú -na príomh-chomhpháirteanna de ráitis airgeadais agus míniú a thabhairt ar na láidreachtaí agus na laigí a nochtar leo faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais cuideachta. -cóimheas a úsáid³ chun brabúsacht, gníomhaíocht, leachtacht agus dócmhainneacht Cuideachta Teoranta a anailísiú lena n-áirítear: Brabúsacht • Ollchorrlach Brabúis • Glanchorrlach Brabúis • An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid Gníomhaíocht • Láimhdeachas Sócmhainní • Laethanta Fardail • Laethanta Infhála • Laethanta Iníoctha • Timthriall Tiontaithe Airgid Thirim* Cóimheasa Leachtachta • Cóimheas Reatha • Cóimheas (Mear) Fíorthástála Cóimheasa Sócmhainneachta • Giaráil [Fiachas/Cothromas] • Cumhdach Úis	1. ráitis airgeadais cuideachta a anailísiú. 2. a thaispeáint conas a úsáideann úsáideoirí airgeadais cóimheasa ar leith chun na cuntas a anailísiú agus a léirmhíniú. 3. measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus staid cuideachta agus úsáid á baint as na cóimheasa a thugtar. 4. na cuntais a scrúdú chun fianaise a fháil ar róthrádáil* agus más léir sin réitigh fhéideartha a mholadh. 5. láidreachtaí agus laigí i staid airgeadais cuideachta a shainithint.

³ Tugtar na cóimheasa in Aguisín 3.

Cóimheasa Infheisteora • Cumhdach Díbhinní • Díbhinne in Aghaidh na Scaire • Tuilleamh in Aghaidh na Scaire -Táscairí neamhairgeadais amhail saincheisteanna inbhuanaitheachta agus eiticíúla agus an tionchar a bheidh acu sin ar fheidhmíocht airgeadais cuideachta. -moltaí bunaithe ar na ráitis airgeadais* le haghaidh páirtithe leasmhara. -infhaighteacht Cuntas Cuideachta ó CRO (an Oifig um Chlárú Cuideachtaí) agus a fhónta atá sé measúnú a dhéanamh ar na cuntais sin chun comparáidí a dhéanamh. -comparáidí a dhéanamh idir blianta roimhe sin agus cuideachtaí eile san earnáil chéanna.	6. comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht agus staid na cuideachta le himeacht aimsire. 7. an tionchar a bhíonn ag táscairí neamhairgeadais ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta a scrúdú. 8. ráitis airgeadais cuideachta a anailísiú chun moltaí a dhéanamh do na príomhúsáideoirí. 9. na céimeanna lena mbaineann a shainaithint chun cuntais chuideachta a fháil ó CRO. 10. comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht dhá chuideachta san earnáil chéanna.
3.4 Príomhnótaí le haghaidh Ráitis Airgeadais na Cuideachta Teoranta -na príomhnótaí a ghabhann le cuntais deiridh cuideachta i gcomhréir le prionsabail agus caighdeáin chuntasaíochta bhunaithe lena n-áirítear: • Dliteanas Teagmhasach* • Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Comhardaithe* • Tuairisciú Deighilteach*	1. míniú a thabhairt ar thionchar na nótaí ainmnithe ar na trí ráiteas airgeadais.
3.5 Ráitis Airgeadais a Chomhdú	

-an próiseas a bhaineann le cuntais chuideachta a chomhdú in Éirinn i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus na hiarmhairtí féideartha lena n-áirítear pionóis agus na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

-na ceanglais ar chuideachta tuairisciú ar inbhuanaitheacht.

1. sainaitheint a dhéanamh ar na céimeanna a bhaineann le Cuntais Chuideachta a chomhdú agus breac-chuntas a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le mainneachtain ceanglais chomhdúcháin a chomhlíonadh.

2. breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta ar chuideachta.

3.6 Scileanna cuntasáochta digiteacha a thaispeáint

-scileanna digiteacha a úsáid sa chuntasáocht agus conas feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun an méid seo a leanas a thaispeáint:

- feidhmeanna uimhriúla
- foirmlí coinníollacha – ráitis IF amháin
- foirmlí coibhneasta agus dearbha, agus cealla ainmnithe
- foirmlí a mhacasamhlú
- cairteacha agus graif
- obair le bileoga oibre iomadúla

1. feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun scileanna digiteacha a úsáid chun na gnéithe den snáithe seo atá bunaithe ar scileanna a chur i gcrích lena n-áirítear Ráitis Airgeadais a chur i láthair agus a anailísiú agus pointí cóimheasa a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar ráitis airgeadais.

Snáithe 4: Cinnteoireacht Eolasach

Sa snáithe seo, fiosróidh an scoláire ról na cuntasáochta bainistíochta agus conas a sholáthraítear príomhfhaisnéis airgeadais leis sin le haghaidh cinnteoireacht ghearrthearma, mheántearma agus fhadtearma i gcúrsaí gnó. Tríd an bhfoghlaim sa snáithe seo, tacaítear leis an scoláire chun cásanna difriúla a scrúdú agus an cumas a fhorbairt chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

Trína rannpháirteachas leis an bhfoghlaim sa snáithe seo, gheobhaidh an scoláire léargas luachmhar ar an bpróiseas costála. Foghlaimeoidh an scoláire conas prionsabail na costála a chur i bhfeidhm chun cuidiú leis na cuir chuige chearta a shainaithint le haghaidh gnólachta agus fiosróidh sé an ról lárnach atá ag buiséadú agus rialú buiséadach sa phleanáil ar fud na ngnólachtaí uile. Tríd sin, foghlaimeoidh an scoláire faoi na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le samhlacha buiséadacha éifeachtachta agus cruinne a ullmhú. Tá an snáithe seo ina cuidiú ag an scoláire chun teorainneacha an bhuiséadaithe agus tionchar na cinnteoireachta a aithint bunaithe ar mheastacháin ar fheidhmíocht amach anseo.

Úsáidfídh an scoláire scileanna cuntasáochta láimhe agus uirlisí digiteacha ar fud an tsnáithe seo chun anailís chóimheá a ullmhú agus a choigeartú, chun táirgeadh, ceannacháin, díolacháin agus buiséid airgid thirim a ullmhú agus a choigeartú. Taispeánfaidh an scoláire athruithe costas imeallach bunaithe ar leibhéil táirgeachta dhifriúla agus, ar an bealach sin, soláthraíonn sé faisnéis airgeadais luachmhar do bhainisteoirí chun tacú le moltaí agus cinntí oibríochtúla agus gnó eolasacha a dhéanamh.

Snáithe 4 Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
4.1 Rangú Costais -na ranguithe costais éagsúla lena n-áirítear Costais Dhíreacha, Costais Indíreacha, Costais Ábhartha, Costais Neamhábhartha, Costais Bháite* agus Deischostais.	1. míniú a thabhairt ar gach ceann de na ranguithe costais agus samplaí a thabhairt díobh.

-ranguithe costais a chur i bhfeidhm maidir le cinntí gnó éagsúla, lena n-áirítear anailís déan/ceannaigh*, leanúint/scor táirge agus leithdháileadh acmhainní.

-gnéithe neamhairgeadais amhail inbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta nach mór a mheas sa phróiseas cinnteoireachta

2. costais bháite ó chás ar leith a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar an bhfáth nár cheart tionchar a bheith ag costais bháite* ar chinntí gnó amach anseo.
3. measúnú a dhéanamh ar dheischostais i bpróisis chinnteoireachta chun na tairbhí féideartha a bhaineann le cuir chuige mhalartacha a mheas.
4. measúnú a dhéanamh ar na gnéithe neamhairgeadais nach mór cuimhneamh orthu agus cinneadh gnó á dhéanamh.

4.2 Cineálacha Costála

-na cineálacha costála lena n-áirítear costáil ionsú (lena n-áirítear jabchostáil) agus costáil imeallach agus conas atá siad luachmhar i bpleanáil gnó agus cinnteoireacht.

-costáil ionsú (lena n-áirítear jabchostáil) agus a húsáid chun na costais déantúsaíochta uile a bhaineann leis an táirgeadh a ghabháil. Áirítear leis sin costas na n-ábhar agus an tsaothair, chomh maith le forchostais sheasta agus inathraitheacha.

1. idirdhealú a dhéanamh idir costáil ionsú agus costáil imeallach.
2. na costais dhíreacha agus indíreacha a shainaithint i gcás ar leith.
3. costas jab nó próisis táirgeachta a ríomh agus an jabchostáil á húsáid.
4. prionsabail costála ionsú a chur i bhfeidhm chun costais sheasta agus inathraitheacha araon a leithdháileadh ar tháirgí, agus tionchar an mhéid sin ar an mbrabús a thaispeáint.

4.3 Anailís Chóimheá agus Íogaireachta

-an pointe cóimheá mar an pointe nach bhfuil brabús ná caillteanas á dhéanamh ag an ngnólacht, ach ag a gclúdaítear na costais uile.

-coincheap na ranníocaíochta agus an tionchar a bhíonn aige ar an bpointe cóimheá.

-an lamháil sábháilteachta agus an tábhacht atá léi agus leibhéil táirgeachta á bpleanáil.

-anailís chóimheá a choigeartú chun staideanna difriúla a shamhaltú agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le straitéisí praghsála agus táirgeachta.

-an caidreamh idir méid táirgeachta, costais sheasta agus costais inathraitheacha agus an tionchar a bhíonn aige sin ar chostas imeallach.

-costáil imeallach/anailís íogaireachta a úsáid chun leibhéil bhrabúis a thuar le haghaidh leibhéil táirgeachta agus díolachán dhifriúla.

1. an pointe cóimheá a mhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis sin do ghnólacht.
2. an ranníocaíocht in aghaidh an phointe cóimheá a ríomh i bhfianaise faisnéis faoi chostais sheasta, costais inathraitheacha, costais mheasctha agus praghas díola gnólachta.
3. míniú a thabhairt ar choincheap na lamhála sábháilteachta agus an tábhacht atá leis i bpleanáil táirgeachta.
4. anailís chóimheá a ullmhú.
5. an anailís chóimheá a choigeartú chun staideanna difriúla a shamhaltú, bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus praghas díola íosta a mholadh.
6. -scrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir méid táirgeachta, costais sheasta agus costais inathraitheacha agus an tionchar a bhíonn aige sin ar chostas imeallach.
7. brabúsacht praghsála difriúla agus straitéisí táirgeachta a mheas.
8. an tionchar a bhíonn ag athruithe ar chostais sheasta, costais inathraitheacha agus méid díolachán ar an bpointe cóimheá a anailísiú.

-torthaí anailíse íogaireachta a mheas agus úsáid á baint as an bhfaisnéis chun cinntí gnó eolasacha a dhéanamh lena n-áirítear conas a bhaineann gnólacht úsáid as sin chun go bhfaighfear amach na díolacháin íosta is gá chun costais a chumhdach agus an praghas íosta a d'fhéadfaí a chur ar tháirge nó seirbhís.

9. torthaí anailíse cóimheá a léirmhíniú chun moltaí eolasacha a dhéanamh do ghnólacht agus cuir chuige a mholadh.
10. a thaispeáint conas a úsáideann an lucht bainistíochta costáil imeallach chun leibhéil bhrabúis a thuar le haghaidh méideanna díolachán difriúla.
11. an méid díolachán a fháil amach, rud is gá chun spriocanna brabúis nó ioncaim ar leith a bhaint amach.
12. comparáid a dhéanamh idir cásanna difriúla bunaithe ar ionchuir athraitheacha.
13. cuir chuige a mholadh bunaithe ar an anailís ar thorthaí féideartha.

4.4 Buiséadú Díolachán, Táirgeachta agus Airgid Thirim

-cuspóir agus gnéithe na mBuiséad Díolachán, Ceannachán, Táirgeachta agus Airgid Thirim.

-an t-ioncam a bhfuil coinne ag gnólacht é a ghiniúint ar feadh tréimhse shonraithe a mheas, agus tuartha méideanna díolachán agus praghsanna aonaid á n-úsáid.

-conas is féidir le cuideachta a hioncam, a sreabhadh airgid agus a cuspóirí airgeadais

1. na gnéithe de gach cineál buiséid a shainaithint.
2. an t-ioncam a bhfuil coinne ag gnólacht é a ghiniúint a mheas.
3. míniú a thabhairt ar conas atá an Buiséad Díolachán ina thaca le pleanáil airgeadais agus cuspóirí a bhaint amach.

ionchais a phleanáil agus a bhainistiú tríd an mBuiséad Díolachán.

-an cuspóir agus an t-ullmhú a bhaineann le buiséad Díolachán, Táirgeachta, Ceannachán Amhábhair, Saothair agus costais déantúsaíochta.

-Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais Bhuiséadaithe a ullmhú.

-an tábhacht atá le buiséadú airgid thirim chun bainistíocht a dhéanamh ar leachtacht, pleanáil le haghaidh riachtanais airgid thirim agus mar uirlis le haghaidh rialú airgeadais agus bainistíocht riosca.

-an buiséad airgid agus a úsáid maidir le tréimhsí agus cúiseanna barrachas nó easnamh a shainaithint agus moltaí eolasacha a dhéanamh.

4. míniú a thabhairt ar an tábhacht atá leis an mbuiséad Díolachán, Táirgeachta, Ceannachán Amhábhair, Saothair agus costais déantúsaíochta.
5. buiséad Díolachán, Táirgeachta, Ceannachán Amhábhair, Saothair agus costais déantúsaíochta a ullmhú.
6. an caidreamh idir na buiséid a aithint.
7. Ráiteas Brabúis agus Caillteanais (Ráiteas Ioncaim) agus Ráiteas Staide Airgeadais Buiséadaithe a ullmhú.
8. míniú a thabhairt ar an tábhacht atá le buiséadú airgid thirim agus buiséad airgid thirim a ullmhú chun insreafaí agus eis-sreafaí airgid thirim a réamh-mheas go cruinn ar feadh tréimhse.
9. tréimhsí agus cúiseanna barrachas nó easnamh a shainaithint agus a thaispeáint conas cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar an anailís ar an sreabhadh airgid.
10. míniú a thabhairt ar conas a chuidíonn institiúidí airgeadais le gnólachtaí maidir le déileáil le barrachais nó easnaimh.

-an ról atá ag Institiúidí Airgeadais mar sholáthraithe maoinithe airgeadais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Na modhanna is féidir le gnólacht a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus barrachais airgid thirim.	
4.6 Mo chuid scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint -scileanna digiteacha a úsáid sa chuntasaíocht agus conas feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun an méid seo a leanas a thaispeáint: • feidhmeanna uimhriúla • foirmlí coinníollacha – ráitis IF amháin • foirmlí coibhneasta agus dearbha, agus cealla ainmnithe • foirmlí a mhacasamhlú • cairteacha agus graif • obair le bileoga oibre iomadúla	1. feidhmchlár bogearraí sonraí forordaithe a úsáid chun scileanna digiteacha a úsáid chun na gnéithe den snáithe seo atá bunaithe ar scileanna a chur i gcrích lena n-áirítear: • ullmhú agus coigeartú anailíse cóimheá, • Ullmhú agus coigeartú buiséid táirgeachta, ceannachán, díolachán agus airgid thirim. • athruithe costas imeallach a thaispeáint bunaithe ar leibhéil táirgeachta dhifriúla.

Teagasc le haghaidh fhoghlaím an scoláire

Leis na torthaí foghlama ar a dtugtar breac-chuntas sa tsonraíocht spreagtar cuir chuige teagasc agus foghlama éagsúla a úsáid chun eispéireas dinimiciúil agus tarraingteach a chinntiú don scoláire. Ar na cuir chuige sin, áirítear saincheistanna a phlé, fadhbanna a réiteach agus uirlisí bogearraí a úsáid, smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh, oibriú i gcomhar agus cinntí gnó eolasacha a bhfuil údar maith leo a dhéanamh.

Agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaím, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar conas a phléifidh an scoláire le Snáithe 1, Bunrudaí na Cuntasaíochta, ar feadh an dá bhliain den staidéar. Is féidir leis na múinteoirí an snáithe seo a úsáid mar bhunchloch foghlama agus tuiscint an scoláire a dhoimhniú ansin trína nascadh leis na trí shnáithe eile. Ach cur chuige

forbartha a ghlacadh, le teagmháil athfhillteach le príomh-choincheapa i gcomhthéacsanna éagsúla le himeacht aimsire, cinntítear go dtógann an scoláire bonn eolais láidir agus seasmhach.

De réir mar a théann an scoláire chun cinn ina chuid foghlama, forbróidh sé réimse de phríomhinniúlachtaí agus de phríomhlitearthachtaí atá inaistrithe trasna tascanna difriúla agus disciplíní difriúla. A bhuí leis na scileanna sin, beidh sé in ann naisc thábhachtacha a dhéanamh idir Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ábhair eile, domhan dinimiciúil an airgeadais agus a shaol laethúil féin. Ba cheart don mhúinteoir cuidiú leis an scoláire na scileanna atá á bhforbairt aige a aithint agus treoir a sholáthar maidir le conas na scileanna sin a chleachtadh agus a bheachtú go héifeachtach.

Ba cheart don mhúinteoir réimse leathan gníomhaíochtaí agus tascanna a úsáid lena gcothaítear máistreacht de choincheapa bunúsacha le linn cumais an scoláire sa chuntasaíocht, sa tuairisciú, sa léirmhíniú agus sa chinnteoireacht a fhorbairt. Ba cheart an scoláire a spreagadh chun an t-eolas agus na scileanna a fhaigheann sé a cheangal le comhthéacsanna gnó sa saol mar atá. Trí aird a tharraingt ar an nasc idir an chuntasaíocht agus a cuir i bhfeidhm lastall den seomra ranga, cuideofar leis an scoláire luach an ábhair a léirthuisctint – ní hamháin mar ábhar scoile ach mar thairseach chuig deiseanna pearsanta agus gairmiúla sa domhan níos leithne.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar an gcumas chun oibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach tríd an rogha gníomhaíochtaí foghlama sa seomra ranga, is féidir tacú leis an scoláire forbairt a dhéanamh ar na saintréithe is gá dóibh sin atá ag plé le cleachtas na cuntasaíochta ós rud é go bhfuil sé dírithe níos mó ar an gcliant anois agus go bhfuil ardleibhéal comhoibrithe agus cumarsáide de dhíth chuige sin.

Tá úsáid na teicneolaíochta digití fite fuaite i gceithre shnáithe sa tsonraíocht agus tacaítear leis an scoláire tríd sin chun an cumas agus an mhuinín a fhorbairt le bogearraí cuí a úsáid chun sonraí agus faisnéis airgeadais a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú. Forbraítear na scileanna sin de réir a chéile le himeacht aimsire agus leis na torthaí foghlama trasna na ceithre shnáithe soláthraítear deis don scoláire a chuid tuisceana ar an gcuntasaíocht a chur i bhfeidhm fad atá sé ag obair le sonraí agus/nó faisnéis airgeadais de láimh agus go digiteach araon. Trí shonraí nó faisnéis airgeadais a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú de láimh agus go digiteach araon, cuidítear le tuiscint an scoláire ar an gcuntasaíocht a chomhdhlúthú agus

trí úsáid a bhaint as feidhmchláir bogearraí sonraí chuí, soláthraítear deiseanna freisin chun faisnéis airgeadais a chur i láthair agus sonraí agus léargas príomha a chur in iúl.

Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, ar aidhmeanna agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis, an Chuntasaíocht Fheidhmeach. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Beidh comhpháirt na Cuntasaíochta Feidhmí bunaithe ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar measúnú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 2). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

Tábla 2: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

Comhpháirt measúnaithe	Ualú	Leibhéal
An Chuntasaíocht Fheidhmeach	40%	Treoir Chomónta
Scrúdú scríofa	60%	Ardleibhéal agus gnáthleibhéal

Comhpháirt measúnaithe sa bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach

Tá an Chuntasaíocht Fheidhmeach ceaptha an scoláire a spreagadh agus tacú leis a chuid eolais ar an gcuntasaíocht a thaispeáint, chomh maith le scileanna an scoláire ina leith agus an tuiscint atá aige uirthi, trí phrionsabail chuntasaíochta a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Soláthraítear deis léi feidhmeanna praiticiúla ón saol mar atá a chomhtháthú i bhfoghlaim an scoláire. Tríd an gcomhpháirt sin, pléann an scoláire le cásanna airgeadais réalaíocha oiriúnaithe, agus a chumas á thaispeáint chun sonraí cuntasaíochta a bhainistiú, a anailísiú agus a léirmhíniú chun an staid airgeadais reatha agus/nó an staid airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shainaithint agus moltaí a chur i láthair. Tá an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis den Chuntasaíocht Fheidhmeach ceaptha chun deiseanna praiticiúla a thabhairt don scoláire chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraítear trína rannpháirteachas leis an bhfoghlaim sa tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Úsáidfí an scoláire na príomhinniúlachtaí freisin a fhorbraítear trína rannpháirteachas le Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, lena n-áirítear smaointeoireacht chriticiúil réasúnaíochta uimhriúla, réiteach fadhbanna, féinbhainistíocht agus cumarsáid éifeachtacht de réir mar a chuireann sé an chomhpháirt seo i gcrích.

Cuirfear an chomhpháirt i gcrích i dtimpeallacht a fhorordóidh CSS agus cuirfear i gcrích í agus feidhmchlár bogearraí sonraí á úsáid, faoi stiúir treorach a fhoilseoidh CSS go bliantúil. Leis an treoir sin, leagfar amach ceanglais shonracha na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus tacófar leis an múinteoir freisin chun planáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú chun tacú leis an scoláire díriú ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a éileofar chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chur i gcrích.

Nuair a bheidh sin críochnaithe, ullmhóidh an scoláire a aighneacht i gcomhréir leis an treoir a sholáthraítear agus cuirfidh sé isteach í i bhformáid a shonróidh CSS.

Le cáipéis ar leithligh, Treoirlínte chun Tacú leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis den Chuntasaíocht Fheidhmeach, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi.

Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach.

Baineann na tuairisceoirí a leagtar amach i dtábla 3 thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire amach sa chomhpháirt den Chuntasaíocht Fheidhmeach. Tríd an gcomhpháirt éilítear ar an scoláire, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Sonraí agus faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú, agus iad á gcur i láthair go héifeachtach i bhformáid dhigiteach.
- Sonraí agus faisnéis chuntasaíochta a anailísiú agus a léirmhíniú agus moltaí a dhéanamh agus ardán digiteach forordaithe á úsáid.
- Na moltaí atá déanta aige bunaithe ar a anailís a chur in iúl agus a chosaint.

Tábla 3: Tuairisceoirí Cáilíochta

Tuairisceoirí Cáilíochta don Chuntasaíocht Fheidhmeach

An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
---	---	---

Sonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis Chuntasaíochta a bhainistiú go digiteach	Sonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú i bhformáid atá saor ó earráidí agus míshonruithe chun ceanglais an taisc a chomhlíonadh.	Sonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú i bhformáid dhigiteach agus líon beag earráidí agus míshonruithe ann chun ceanglais an taisc a chomhlíonadh.	Sonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú i bhformáid dhigiteach agus earráidí agus míshonruithe ann agus gan ceanglais an taisc a chomhlíonadh go hiomlán.
Anailísiú agus Léirmhíniú	Cásanna féideartha a anailísiú agus a léirmhíniú agus úsáid an-éifeachtach scileanna digiteacha á taispeáint. Anailís agus meastóireacht dhomhain ar shonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a thaispeáint, mar is cuí don tasc. Teorainneacha soiléire a shainaithint ina anailís	Cásanna féideartha a anailísiú agus a léirmhíniú agus úsáid éifeachtach scileanna digiteach á taispeáint. Anailís agus meastóireacht ar shonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a thaispeáint, mar is cuí don tasc. Roinnt teorainneacha ina anailís a shainaithint	Anailís agus léirmhíniú teoranta a dhéanamh ar chásanna féideartha lena dtaispeántar úsáid theoranta scileanna digiteacha. Anailís agus meastóireacht theoranta ar shonraí cuntasáíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a thaispeáint. Beagán teorainneacha ina anailís a shainaithint.
Moltaí a dhéanamh	Machnamh a dhéanamh ar a anailís agus cur chuige soiléir agus comhtháite a mholadh.	Machnamh a dhéanamh ar a anailís agus cur chuige a mholadh.	Machnamh a dhéanamh ar a anailís agus cur chuige teoranta a mholadh.
Cumarsáid a dhéanamh	Faisnéis, anailís agus moltaí cuntasáíochta a chur i láthair ar bhealach soiléir agus	Faisnéis, anailís agus moltaí cuntasáíochta a chur i láthair ar bhealach soiléir i	Faisnéis, anailís agus moltaí cuntasáíochta a chur i láthair i

comhtháite i bhformáid dhigiteach	bhformáid dhigiteach.	bhformáid dhigiteach.
---	--------------------------	--------------------------

Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceistanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) leabaithe sna torthaí foghlama agus déanfar measúnú orthu i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceistanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna den staidéar agus comhtháthú Bhunrudaí na Cuntasaíochta ar fud na snáitheanna eile den staidéar
- téamaí trasghearrtha na Teicneolaíochta Digití sa Chuntasaíocht agus na hEitice agus na hInbhuanaítheachta sa Chuntasaíocht a chur i bhfeidhm
- cumas an scoláire chun plé go héifeachtach agus go héifeachtúil le faisnéis agus sonraí airgeadais

Socruithe réasúnta

Éilítear le sonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireacht go bpléann an scoláire le cineál an ábhair ar bhonn leanúnach ar feadh an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna atá ar fáil é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis an scoláire sin an méid atá ar eolas aige agus an méid atá sé in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula gcinneann an scoláire staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena chuid tuismitheoirí/caomhnóirí, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta a ghrádú agus scála grádúcháin 8 bpointe á úsáid. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéil agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéil.

Tábla X: Grádú na hArdteistiméireachta

Grád	Marcanna %
A1/G1	90 - 100
A2/G2	80 < 90
A3/G3	70 < 80
A4/G4	60 < 70
A5/G5	50 < 60

A6/G6	40 < 50
A7/G7	30 < 40
A8/G8	< 30

Dréacht agus Rúnda

Aguisín 1 Gluais de Bhriathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Coigeartaigh	iontrálacha airgeadais, iarmhéideanna nó cuntais a mhodhnú nó a cheartú chun faisnéis chruinn agus nuashonraithe a léiriú.
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Tabhair breithmheas	píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas
Léirthuiscint a bheith ag... do...	an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint
Meas	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Rangaigh	rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Meas	luach nó méid garbh a fháil amach le haghaidh míreanna airgeadais bunaithe ar an bhfaisnéis, ar na barúlacha nó ar na sonraí stairiúla atá ar fáil.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta chun bunúis, barúlacha, peirspictíochtaí, treochothaí agus/nó caidrimh a nochtadh
Mínigh	faisnéis, coincheapa nó próisis a chur in iúl go soiléir ar bhealach lena gcinntítear tuiscint, ach í nó iad a bhriseadh síos

	go minic i dtéarmaí níos simplí agus príomhphointí a léiriú agus samplaí á n-úsáid, nuair is cuí.
Sainaithin	patrúin, fíricí, samplaí nó mionsonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíric nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Léirigh	samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargas agus/nó conclúidí nua
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Liostaigh	roinnt pointí, nó fíricí, a sholáthar, gan aon mhíniú breise
Bainistigh	idirbhearta airgeadais a thaifeadadh, a anailísiú agus a léirmhíniú chun spriocanna an taisc a bhaint amach.
Samhaltaigh	smaoineamh, struchtúr, próiseas nó córas a léiriú trí mhodhanna éagsúla amhail focail, léaráidí, cothromóidí, samhlacha fisiciúla nó ionsamhlúcháin; samhlacha a úsáid le cur síos, míniú, tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach, agus é á aithint go mbaineann teorainneacha le gach samhail
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, teoranta do mhíreanna faisnéise bunriachtanacha
Tuar	toradh ionchasach teagmhais a thabhairt; teagmhas nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais
Ullmhaigh	an próiseas a bhaineann le faisnéis airgeadais a ríomh, a thiomsú, a eagrú agus a chur i láthair go córasach, de láimh agus go digiteach araon.
Soláthair	soláthar a dhéanamh sna cuntais d'imeachtaí a fhéadfaidh tarlú.
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint
Mol	cur chuige, straitéis airgeadais nó cinneadh a mholadh bunaithe ar anailís, sonraí nó breithiúnas gairmiúil.
Taifead	idirbheart airgeadais a dhoiciméadú sa timthriall cuntaisíochta, agus é á chinntiú go ndéantar é a ríomh agus a chur isteach go cruinn sna cuntais nó sna mórleabhair chuí. Is éard atá i gceist leis sin scileanna láimhe agus digiteacha a úsáid chun na méideanna cearta a fháil amach.
Machnaigh	machnamh meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha,

	eispéiris, luachanna agus foghlaim chun léargas nua a fháil agus brí a thabhairt
--	--

Aguisín 2 Gluais Téarmaí

Coincheap/Téarma	Tuiscint
An Timthriall Cuntasaíochta	Cuirtear tús leis an timthriall le Buncháipéisí (sonrasc, ordú ceannaigh, srl.) agus cuirtear an fhaisnéis sin isteach i Leabhair Lae. Asbhaintear sonraí ó na Leabhair Lae ansin chuig Comhardú Trialach. Úsáidtear sonraí ón gComhardú Trialach chun na cuntais deiridh a chruthú.
Tuarascáil Iniúchóireachta	Tá tuarascáil iniúcháir ina tuarascáil scríofa ón iniúcháir ina bhfuil a thuairim maidir le cé acu atá nó nach bhfuil ráitis airgeadais cuideachta i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta ábhartha agus atá nó nach bhfuil siad saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha.
Prionsabal an Eintitis Gnó	Luaitear le coincheap an eintitis gnó go bhfuil an gnólacht ar leithligh ó úinéir nó úinéirí an ghnólachta. Dá bhrí sin, ní mór na taifid chuntasaíochta don ghnólacht is simplí fiú, an trádálaí aonair, a choimeád ar leithligh ó ghnóthaí pearsanta an úinéara nó na n-úinéirí
Timthriall Tiontaithe Airgid Thirim	Méadrach lena léirítear an líon laethanta a thógann sé ar an ngnólacht an t-airgead tirim a caitheadh ar fhardal a thiontú ar ais in airgead tirim de thoradh a tháirge nó a sheirbhís a dhíol. Dá gheall an timthriall tiontaithe airgid thirim is ea is fearr. Téigh go hAguisín 3 don fhoirmle.
Dlíteanas Teagmhasach	Is éard is dlíteanas teagmhasach ann nóta maidir le nochthead a thaispeántar sna nótaí a ghabhann leis na cuntais inar cosúil go bhfuil caiteachas féideartha ann nach dtaifeadtar aon fhoráil maidir leis.
Ráitis Airgeadais	Achoimrí deiridh bliana ar staid airgeadais gnólachta lena n-áirítear an Ráiteas Brabúis nó Caillteanais, an Ráiteas Staide Airgeadais agus an Ráiteas Sreafaí Airgid Thirim.
Gnóthas Leantach	Toimhde go leanfaidh an gnólacht de bheith ag trádáil ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí
Dócmhainneacht	Níl an gnólacht ná an duine aonair in ann a chuid fiachas a íoc nuair a bheidh siad dlite.
Cinntí Déan - Ceannaigh	An gníomh a bhaineann le roghnú idir táirge a mhonarú inti nó a cheannach ó sholáthróir seachtrach.

Prionsabal an Chomhoiriúnaithe	Coincheap cuntasáíochta lena leagtar síos go dtuairiscíonn gnólachtaí costais sa tréimhse chéanna leis na hioncaim lena mbaineann siad.
Ábharthacht	Prionsabal cuntasáíochta lena luaitear nach mór na míreanna uile ar dócha le réasún go mbeidh tionchar acu ar chinnteoireacht infheisteoirí a thuairisciú sna ráitis airgeadais.
Róthrádail	Tarlaíonn róthrádail nuair is féidir nach mbeidh an t-airgead tirim ag gnólacht chun tacú lena leibhéal trádála reatha.
Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Comhardaithe	Is éard atá i gceist le himeachtaí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe na himeachtaí sin, atá fabhrach agus neamhfhabhrach, idir deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.
Stuamacht	Ciallaíonn sin nár cheart do chuntasóirí rómheas a dhéanamh ar ioncaim ná costais a mheas faoina luach, ach ina ionad sin, gurb amhlaidh nár cheart dóibh dul sa seans agus gur cheart dóibh breithiúnais choimeádacha a dhéanamh.
Aitheantas Ioncaim	Prionsabal cuntasáíochta a nglactar leis go ginearálta lena gceanglaítear go n-aithníonn gnólachtaí ioncam nuair a thuilltear é seachas nuair a fhaightear íocaíocht.
Costais Bháite	Coincheap Bainistíochta Cuntasáíochta a úsáidtear go hiondúil chun cur síos a dhéanamh ar chostas a tabhaíodh cheana.
Creat Coincheapúil an Tuairiscithe Airgeadais	Tacar de threoirphrionsabail lena soláthraítear bunchloch le tuairisciú airgeadais agus cleachtais chuntasáíochta. Cuidíonn sé lena chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhealach seasmhach agus loighciúil.

Aguisín 3 Léirmhíniú ar Chóimheasa Cuntas

Brabúsacht

Le cóimheasa brabúsachta déantar measúnú ar cé chomh héifeachtach atá cuideachta maidir le brabúis a ghiniúint agus cé chomh héifeachtúil atá an chuideachta maidir le húsáid a bhaint as a caipiteal chun na brabúis sin a ghiniúint.

Cóimheas	Foirmle	A Shloinntear Mar a Leanas
Ollchorrlach Brabúis	$\frac{\text{Ollbhrabús Ioncam}}{\text{Ioncam}}$	%
Glanchorrlach Brabúis	$\frac{\text{Glanbhrabús Ioncam}}{\text{Ioncam}}$	%
An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid	$\frac{\text{Barrachas Oibriúcháin (Cothromas + Dlíteanais Neamhreacha)}}{\text{Ioncam}}$	%

Cóimheasa Gníomhaíochta [Éifeachtúlachta]

Le cóimheasa gníomhaíochta déantar measúnú ar cé chomh héifeachtúil atá cuideachta maidir le húsáid a bhaint as a sócmhainní chun ioncam agus airgead tirim a ghiniúint.

Cóimheas	Foirmle	A Shloinntear Mar a Leanas
Laethanta Fardail	$\frac{\text{Meánfhardail} \times 365}{\text{Costas Díolachán}}$	Laethanta
Laethanta Infhála	$\frac{\text{Meántrádálacha Infhála} \times 365}{\text{Díolacháin Chreidmheasa}}$	Laethanta
Laethanta Iníochta	$\frac{\text{Meántrádálacha Iníochta} \times 365}{\text{Ceannacháin Chreidmheasa}}$	Laethanta
Timthriall Tiontaithe Airgid Thirim	$\frac{\text{Laethanta Fardail} + \text{Laethanta Infhála} - \text{Laethanta Iníochta}}{\text{Díolacháin Iomlána}}$	Laethanta
Láimhdeachas Sócmhainní	$\frac{\text{Sócmhainní thús na bliana} + \text{Sócmhainní dheireadh na bliana}}{2}$	X:1

Cóimheasa Leachtachta

Le cóimheasa leachtachta, déantar measúnú ar chumas Gnólachta chun a cuid fiach gearrthéarma a íoc nuair atá siad dlíte.

Cóimheas	Foirmle	A Shloinntear Mar a Leanas
Cóimheas Reatha	$\frac{\text{Sócmhainní Reatha Dlíteanais Reatha}}{\text{Sócmhainní Reatha - Fardail}}$	X:1
Cóimheas [Mear] Fíorthástála	$\frac{\text{Sócmhainní Reatha - Fardail}}{\text{Dlíteanais Reatha}}$	X:1

Sócmhainneacht

Le cóimheasa sócmhainneachta, déantar measúnú ar chumas cuideachta chun oibleagáidí fadtéarmacha a chomhlíonadh.

Cóimheas	Foirmle	A Shloinntear Mar a Leanas
Giaráil [Fiachas/Cothromas]	<u>Fiachas Airgeadais Iomlán</u> Cothromas	Líon*
Cumhdach Úis	<u>Brabús Oibriúcháin roimh Ús Ús</u> Iníoctha	Líon Iomadúla (Uaireanta)

*Sampla $F/C = 0.8$ ansin le haghaidh gach €1 de chothromas, tá 80 cent d'fhiachas.

Cóimheasa Infheisteora

Leis na cóimheasa seo, tomhaistear na fáлтаis atá á nginiúint ag an gcuideachta dá sealbhóirí gnáthscaireanna

Cóimheas	Foirmle	A Shloinntear Mar a Leanas
Cumhdach Díbhinní	<u>Brabús inchurtha i leith sealbhóirí cothromais</u> Gnáthdhíbhinní iomlána	Líon Iomadúla (uaireanta)
Díbhinní in Aghaidh na Scaire (DS)	<u>Gnáthdhíbhinní Iomlána</u> An líon gnáthscaireanna i gceist	Euro agus centanna
Tuilleamh in Aghaidh na Scaire (TS)	<u>Glanbhrabús</u> An líon gnáthscaireanna i gceist	Euro agus centanna

da

